Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

# Fógra Príobháideachais um Shuíomh Gréasáin

## 1. Forléargas

Tugann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, an ceart dlíthiúil chun príobháideachta do dhaoine aonair (ábhair sonraí) maidir lena sonraí pearsanta. Cuireann an RGCS agus reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann oibleagáidí ar rialaitheoirí sonraí lena n-áirítear Oifig an Reachtaire Cuntas agus Ciste (an Oifig) maidir lena leithéid de shonraí a bhailiú, a choimeád agus a phróiseáil.

Is ionann sonraí pearsanta agus sonraí a bhaineann le duine atá beo ar féidir é nó í a aithint mar gheall ar na sonraí iad féin nó mar gheall ar na sonraí i gcomhar le sonraí eile atá i seilbh na hOifige nó i gcomhar le sonraí gur dócha go dtiocfadh siad i seilbh na hOifige. D'fhéadfadh an Oifig na sonraí sin a choimeád i bhfoirm leictreonach nó i gcomhaid láimhe.

Leagtar amach sa bheartas seo na críocha dá mbailímid sonraí pearsanta lena n-áirítear an bonn dlíthiúil lena aghaidh, an cineál sonraí pearsanta a láimhseálaimid agus na bealaí a mbailímid, a gcoimeádaimid agus a bpróiseálaimid na sonraí pearsanta a fhaighimid. Baineann sé leis na sonraí pearsanta a fhaighimid nuair a théann na daoine is ábhar do na sonraí i dteagmháil dhíreach linn agus baineann sé le sonraí pearsanta a fhaighimid go hindíreach mar atá leagtha amach thíos.

I gcomhréir le hAirteagal37 den RGCS, tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha againn a chuireann comhairle orainn mar gheall ar oibleagáidí maidir le cosaint sonraí, a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh agus a fheidhmíonn mar chéad phointe teagmhála mar gheall ar dhéileáil le fiosrúcháin faoi chosaint sonraí ó dhaoine maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus feidhmiú a gceart. Tá sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí leagtha amach in Alt 9 thíos.

## 2. An fáth a gcoimeádaimid agus a bpróiseálaimid sonraí pearsanta

Mar chuid dár n-oibríochtaí lá go lá, faigheann agus coimeádann an Oifig sonraí pearsanta chun réimse leathan críoch

- ***Feidhmeanna reachtúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste um iniúchadh agus scrúdú agus ceist na heisíocaíochta ón Státchiste –*** agus muid ag tabhairt faoin obair seo, bíonn rochtain againn, agus déanann muid scrúdú ar réimse éagsúil faisnéise chun tacú le torthaí agus conclúidí inár dtuarascálacha. Tá ceart reachtúil rochtana againn faoi Alt 10 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ar shonraí a choimeádann comhlachtaí poiblí nuair is chun críoch ár n-iniúchta agus ár n-oibre scrúdaithe iad na sonraí sin. D'fhéadfadh faisnéis phearsanta a bheith sna sonraí sin. Is iad na príomhbhoinn dhlíthiúla don phróiseáil maidir lenár bhfeidhmeanna reachtúla ná Alt 6(1)(c)[1] agus Alt 6(1)(e)[2] den RGCS.

[1] Comhlíonadh oibleagáide dlíthiúla ar ábhar di an rialaitheoir.
[2] Feidhmiú taisc ar son leas an phobail nó feidhmiú údaráis oifigiúil a dhílsítear don rialaitheoir.

- ***Duine forordaithe faoi reachtaíocht nochta cosanta* –** is duine forordaithe é an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) faoi reachtaíocht nochta cosanta d'fháil nochtaí a bhaineann le húsáid mhíchuí cistí poiblí agus acmhainní nó a bhaineann le ceisteanna maidir le luach ar airgead i leith eintiteas laistigh dá shainchúram. Próiseálaimid sonraí pearsanta a fhaightear i nochtaí chuig an ARC&C. D'fhéadfadh ainm agus sonraí teagmhála, sonraí faoi chúis na teagmhála agus aon sonraí pearsanta eile a sholáthraíonn an nochtóir a bheith sna sonraí pearsanta. Is iad na príomhbhoinn dhlíthiúla don phróiseáil sin ná Alt 6(1)(c)[1] agus Alt 6(1)(e)[2] den RGCS.

- ***Foghlaim roinnte agus dea-chleachtas imeachtaí maidir le 'léargais iniúchta' agus liosta seoltaí* –** cuirimid imeachtaí maidir le léargais iniúchta ar siúl, ina roinntear eolas faoi cheisteanna coitianta a thagann chun cinn go minic agus samplaí de dhea-chleachtas a aithnítear mar gheall ar an obair a dhéanaimid maidir le hiniúchadh airgeadais agus le hiniúchadh feidhmíochta. Coimeádaimid liosta seoltaí maidir le léargais iniúchta fosta. Cuireann rannpháirtithe, a ghlacann páirt sna himeachtaí sin nó a chláraíonn lenár liosta seoltaí maidir le léargais iniúchta, sonraí pearsanta ar fáil dár nOifig. Go ginearálta, áireofar ainm agus sonraí teagmhála agus riachtanais chothaithe agus riachtanais rochtana/acmhainne nuair is cuí. Is é an bonn dlíthiúil don phróiseáil sin ná Alt 6(1)(a)[3] den RGCS.

- ***Feidhmeanna Riaracháin* –** coimeádaimid agus próiseálaimid sonraí pearsanta a bhaineann lenár bhfostaithe reatha agus lenár n-iarfhostaithe, le soláthraithe, le daoine a dhéanann iarratais maidir le saoráil faisnéise agus le daoine eile a ndéanaimid cumarsáid leo trínár bhfeidhmeanna riaracháin a dhéanamh. Go ginearálta, áiríonn an cineál sonraí pearsanta a phróiseálaimid ainm agus sonraí teagmhála, an chuideachta nó eagraíocht a n-oibríonn duine léi agus sonraí pearsanta eile a sholáthraítear don Oifig le linn na feidhmeanna sin a dhéanamh. Tá beartas maidir le sonraí pearsanta eile againn don fhoireann ina ndéantar cur síos mion ar na sonraí pearsanta maidir leis sin. Is iad na boinn dhlíthiúla d'fhaisnéis phearsanta a phróiseáil i gcomhar lenár bhfeidhmeanna riaracháin ná Alt 6(1)(a)[3], Alt 6(1)(b)[4], Alt 6(1)(c)[1], Alt 6(1)(e)[2] agus Alt 6(1)(f)[5].

- **Sonraí Catagóirí Speisialta –** is ionann sonraí catagóirí speisialta agus faisnéis phearsanta ábhar sonraí atá thar a bheith íogair, agus d'fhéadfaí cearta agus saoirse na n-ábhar sonraí a shárú dá nochtfaí an fhaisnéis sin agus d'fhéadfaí go n-úsáidfí í ina n-aghaidh le haghaidh leithcheala dhleathaigh. Áirítear i sonraí catagóirí speisialta sonraí pearsanta ina nochtar bunús cine nó eitneach, tuairimí polaitíochta, creidimh reiligiúnacha nó fealsúnachta nó ballraíocht cheardchumainn, sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha le duine beo a aithint, sonraí a bhaineann le sláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine beo agus sonraí a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna. Próiseálann an Oifig catagóirí speisialta sonraí in imthosca áirithe a bhaineann, de ghnáth, le gnáthchúrsa riaracháin fostaithe.

---

3 Thug an t-ábhar sonraí cead.
4 Nuair is riachtanach próiseáil le conradh a chomhlíonadh.
5 Leasanna dlistineacha an Rialaitheora nó tríú páirtí.

Soláthraíonn Alt 46 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, gnáthbhonn dleathach maidir le próiseáil sonraí catagóirí speisialta nuair is gá chun aon cheart nó oibleagáid a fheidhmiú nó a dhéanamh a bhronnann nó a fhorchuireann an dlí ar an rialaitheoir sonraí nó ar an ábhar sonraí maidir le fostaíocht nó leis an dlí leasa shóisialaigh. De réir dlí cosanta sonraí, cuireann OARC&C bearta oiriúnacha agus bearta ar leith chun bunchearta agus saoirse na n-ábhar sonraí a chosaint nuair atá sonraí catagóirí speisialta á bpróiseáil.

## 3. Conas a láimhseálaimid do shonraí pearsanta

Táimid go hiomlán tiomanta do do shonraí a chosaint mar is gá faoin RGCS agus faoi reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann. Cloímid leis na príomhphrionsabail cosanta sonraí mar atá leagtha amach in Alt 5 den RGCS nuair atá d'fhaisnéis á próiseáil. Maidir le sonraí pearsanta,

- déanfar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhair sonraí (dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht);
- ní dhéanfar iad a bhailiú, a chruthú nó a phróiseáil ach amháin chun críche amháin nó níos mó atá sonraithe sainráite agus dlisteanach (teorannú críche)
- beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha sin (íoslaghdú sonraí);
- beidh siad cruinn agus, i gcás inar gá, coimeádfar suas le dáta iad; (cruinneas)
- ní choimeádfar iad ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá (teorannú stórála)
- coimeádfar slán sábháilte iad (sláine agus rúndacht).

Caithimid le gach píosa sonraí pearsanta mar ábhair rúndachta agus ní úsáidimid a leithéid de shonraí ach chun na gcríocha chucu ar bailíodh iad. D'fhéadfaimis sonraí a roinnt le tríú páirtithe, áfach, amhail ranna rialtais eile nó údaráis phoiblí, nuair a cheadaítear nó is gá de réir foráil reachtúil ar leith.

Déanaimid cinnte nach mbíonn san fhaisnéis a -iarrtar agus a choimeádtar, ach an méid is lú ar gá í chun ár bhfeidhmeanna reachtúla agus críocha riaracháin a chomhlíonadh.

Coimeádaimid sonraí de réir reachtaíocht na Cartlainne Náisiúnta agus de réir ár mBeartais um Bainistíocht Taifead a shonraíonn an tréimhse coimeádta le haghaidh na dtaifead atá againn. I gcásanna áirithe, socraíonn údaráis lasmuigh den Oifig an sceideal coimeádta le haghaidh sraitheanna taifead áirithe san Oifig.

## 4. Conas a bhailímid sonraí pearsanta

Bailímid sonraí pearsanta ó roinnt foinsí.

### *Sonraí comhlachtaí iniúchta*

Is príomhfhoinse fianaise chun feidhmeanna reachtúla an ARC&C iad taifid na gcomhlachtaí iniúchta, fiosrúchán ó riarthóirí, scrúduithe agus deimhnithe tríú páirtí. D'fhéadfaí sonraí pearsanta a fháil mar chuid den fheidhm reachtúil sin. Mar shampla, áirítear sonraí párolla, íocaíochtaí deontais agus íocaíochtaí ó chomhlachtaí poiblí faoi scéimeanna éagsúla, taifid cáiníocóirí. Iarraimid go ndéantar sonraí a sholáthraíonn comhlachtaí iniúchta a anaithnidiú, nuair is féidir, trí fhaisnéis amhail ainmneacha, dátaí breithe, seoltaí baile agus uimhreacha pearsanta seirbhíse poiblí a bhaint. Nuair is féidir, coimeádfar sonraí ar chóras an chomhlachta iniúchta nó aistreoidh an comhlacht iniúchta iad go sábháilte chuig an Oifig agus úsáid á baint as córas sábháilte aistrithe comhad atá suite ar an áitreabh (Néal Comhad). Coimeádfar sonraí a fhaightear ar chóras TFC na hOifige de réir ár mBeartais um Shlándáil Faisnéise agus Sonraí.

### *Glaonna gutháin / físghlaoigh chuig an Oifig*

Ní dhéanaimid taifead ar chomhráite gutháin nó ar fhísghlaoigh agus ní choimeádaimid taifid díobh. D'fhéadfaí glórphoist a fhaigheann an Oifig a choimeád. Le linn glao gutháin nó físghlaoigh, d'fhéadfaimis sonraí pearsanta a fhaightear le linn an ghlaoigh a thaifeadadh i bhfoirm nótaí.

### *Ríomhphoist*

Sábháiltear gach ríomhphost a fhaighimid agus is féidir iad a chur ar aghaidh chuig fostaithe nó aonaid ábhartha den Oifig mar is gá agus seoladh ríomhphoist an tseoltóra le feiceáil. Is é freagracht an tseoltóra a chinntiú nach sáraíonn ábhar a ríomhphost an dlí. D'fhéadfaí ábhar mídhleathach gan iarraidh, chomh maith le sonraí an tseoltóra a thuairisciú chuig an nGarda Síochána agus/nó chuig údaráis ábhartha eile agus d'fhéadfaí bac a chur le ríomhphoist eile óna leithéid d'fhaighteoirí.

### *Post*

Scantar agus cuirtear ar aghaidh gach post a fhaighimid chuig na fostaithe nó aonaid ábhartha den Oifig lena mbaineann an t-ábhar. Comhdaítear agus coimeádtar leaganacha cruachóipe bunaidh den phost de réir na tréimhsí coimeádta atá leagtha amach i mBeartas Bainistíochta Taifead na hOifige.

### *Na Meáin Shóisialta*

Tá cuntas meáin shóisialta againn ar an ardán LinkedIn chun tacú lenár bhfeidhmeanna. Breathnaímid ar theachtaireachtaí nó ar phostálacha a fhaightear ar an ardán sin ach ní thaifeadtar nó ní stóráiltear na sonraí atá sna teachtaireachtaí nó sna postálacha sin ach ar an ardán meáin shóisialta ábhartha, agus ní dhéanaimid aon phróiseáil eile ar a leithéid de shonraí.

### *TCI*

Tá teilifís ciorcaid iata (TCI) againn ag ár nOifig i mBaile Átha Cliath ar 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1. Scriosann an Oifig taifid TCI tar éis míosa. Má aimsítear fadhb sna taifid, coimeádfar an taifead sin i gcomhthéacs fhiosrúchán na faidhbe.

***Suíomh gréasáin***

Tá meas againn ar phríobháideachas úsáideoirí ár suímh gréasáin agus tá beartas againn ina bhfuil úsáid fianán leagtha amach. Ní bhaineann ár suíomh gréasáin úsáid as fianáin ach le haghaidh feidhmiúlachta agus chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú suímh gréasáin. Ní bhaineann sé úsáid as fianáin tríú páirtí nó sheasmhacha.

## 5. Cathain a roinnimid sonraí pearsanta le daoine eile

Tá dualgas orainn rúndacht na faisnéise ar fad a thugtar dúinn a chosaint. Táimid go hiomlán tiomanta do shonraí a thugtar dúinn a chosaint ar úsáid agus ar nochtadh, seachas mar a fhorálann an dlí.

D'fhéadfaimis do shonraí a roinnt le tríú páirtithe nuair a cheadaítear nó nuair is gá de réir forála reachtúla ar leith, nuair is gá na sonraí pearsanta a roinnt le gur féidir leis an Oifig a feidhmeanna a chomhlíonadh agus nuair atá seirbhís á soláthar dúinn ag tríú páirtithe. Déanfar gach aistriú laistigh de riachtanais na reachtaíochta cosanta sonraí.

Chun críoch an RGCS agus na reachtaíochta cosanta sonraí, ní nochtadh é próiseáil sonraí pearsanta a dtugann conraitheoirí faoi thar ceann na hOifige.

## 6. Próiseáil lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)

De ghnáth, ní aistreoidh an Oifig sonraí pearsanta lasmuigh de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa nó chuig tríú tíortha. Sa chás go n-athróidh an seasamh sin, comhlíonfaimid ár n-oibleagáidí faoi Alt 46 den RGCS trí ghlacadh le ceann amháin de na bearta cuí a d'fhaomh an Coimisiún um Chosaint Sonraí agus an Coimisiún Eorpach lena chinntiú gur dleathach iad a leithéid d'aistriú.

## 7. Do shonraí pearsanta a choimeád sábháilte

Tá dualgas orainn faoi réimse leathan forálacha reachtúla agus riaracháin rúndacht na sonraí oifigiúla a chosaint. Áirítear cosaint taifead ar rochtain gan chead, ar úsáid neamhriachtanach, ar athrú, ar scriosadh agus ar nochtadh. Táimid an-dáiríre faoi ghlacadh lenár n-oibleagáidí agus déanaimid ár n-dícheall lena chinntiú go gcosnaímid príobháideachas sonraí pearsanta.

Tá ardchaighdeáin slándála fisiciúla agus teicniúla againn chun rúndacht do shonraí pearsanta a chosaint. Tá an fhoireann ar fad ar an eolas faoi chaighdeán na slándála sonraí a bhfuiltear ag súil uathu. Ní théann cearta rochtana foirne ach chomh fada leis na sonraí atá riachtanach chun a ndualgais socraithe a chomhlíonadh.

Coinneoimid cuntasach aon fhostaí a fhaightear go bhfuil na rialacha maidir le cosaint sonraí á sárú acu.

Léirímid ár bhfreagracht maidir le cosaint sonraí agus ár gcomhlíonadh le hoibleagáidí faoi reachtaíocht um chosaint sonraí ar na bealaí seo a leanas

- Beartais chuí agus nósanna imeachta cuí a bheith ann maidir le cosaint sonraí, le slándáil faisnéise, le rialú rochtana agus le bainistíocht taifead
- córas bainistíochta slándála faisnéise atá deimhnithe do ISO 27001
- a chinntiú go dtugtar faoi iniúchtaí inmheánacha ar ár mbainistíocht slándála faisnéise
- oifigeach cosanta sonraí a cheapadh
- a chinntiú go bhfuil fostaithe ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoin RGCS
- oiliúint ionduchtúcháin agus feasachta rialta agus treoir a chur ar fáil agus Fóram um Shlándáil Faisnéise a chur ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar phróisis slándála faisnéise agus cosanta sonraí san Oifig.

## 8. Do chearta faoin RGCS

Foráiltear na cearta seo a leanas faoi Reachtaíocht Cosanta Sonraí:

- Ceart Rochtana

Tá sé de cheart agat i gcónaí cóipeanna do shonraí pearsanta a iarraidh orainn. Tá roinnt eisceachtaí ann, rud a chiallaíonn go bhféadfaí nach bhfaighidh tú i gcónaí an fhaisnéis a phróiseálaimid.

- Ceart ceartaithe

Tá sé de cheart agat iarraidh orainn faisnéis  a mheasann tú í a bheith mícheart a cheartú. Tá sé de cheart agat freisin iarraidh orainn faisnéis a mheasann tú í a bheith neamhiomlán a iomlánú.

- Ceart scriosta

Tá sé de cheart agat iarraidh orainn d'fhaisnéis phearsanta a scriosadh in imthosca áirithe.

- Ceart chun próiseáil a theorannú

Tá sé de cheart agat iarraidh orainn próiseáil d'fhaisnéise a theorannú in imthosca áirithe.

- Ceart le cur in aghaidh próiseála

Tá sé de cheart agat cur in aghaidh phróiseáil do shonraí pearsanta in imthosca áirithe. Má choimeádaimid do shonraí pearsanta ar bhonn do thoilithe, tá sé de cheart agat deireadh a chur leis an toiliú sin ag aon am. In imthosca nuair (i) is gá próiseáil a dhéanamh chun tasc ina dtugtar faoi ar mhaithe le leas an phobail a chomhlíonadh nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil a dhílsítear i rialaitheoir sonraí (ii) is gá próiseáil a dhéanamh chun chríocha na leasa dlisteanacha a bhfuil an rialaitheoir sonraí nó tríú páirtí ar thóir.

- Ceart inaistritheachta sonraí

Tá sé de cheart agat iarraidh go dtugtar sonraí pearsanta duit nó do dhuine eile i bhfoirm inaistrithe nó meaisín-inléite.

- Ceart le cur in aghaidh cinnteoireachta uathoibrithe

Tá sé de cheart agat cur in aghaidh cinnteoireachta aonair uathoibrithe (i.e. cinneadh a dhéanamh i mbealach uathoibrithe amháin gan daoine) agus cur in aghaidh próifílithe (i.e. próiseáil uathoibrithe sonraí pearsanta le rudaí éagsúla faoi dhuine a mheas)

Ní bhaineann an Oifig úsáid as cinnteoireacht uathoibrithe nó as próifíliú laistigh de bhrí na ngníomhartha sin faoi dhlíthe maidir le cosaint sonraí agus cinntí á ndéanamh aici.

Forálann Alt 60(3)(c)(iii) den Acht, 2018, srian ar fheidhmiú na gcearta sin sa chás go bhfuarthas sonraí pearsanta go hindíreach chun ár bhfeidhmeanna reachtúla a fheidhmiú. Tá sin ann lena chinntiú nach bhfuil srian suntasach ar chumas an ARC&C agus a fheidhmeanna reachtúla agus bunreachtúla a ndéanamh aige.

## 9. Iarratas rochtana ó ábhar sonraí

Mar ábhar sonraí, tá sé de cheart agat rochtain ar do shonraí pearsanta a iarraidh. Is féidir leat iarratas rochtana a dhéanamh trí dhul i dteagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí agus úsáid á baint as na sonraí teagmhála thíos. Chun cabhrú linn do shonraí a sholáthar agus chun déileáil níos gasta le d'iarratas, ba chóir duit sonraí leordhóthanacha a chur san áireamh ionas gur féidir linn thú a aithint.

***An tOifigeach Cosanta Sonraí***

An tOifigeach Cosanta Sonraí
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

Guthán: (01) 863 8600

Ríomhphost: dpo@audit.gov.ie

***Cá luaithe a gheobhaidh tú freagra?***

Réiteoimid d'iarratas go pras agus tabharfaimid freagra a luaithe agus is féidir. De réir an RGCS agus reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann, ba chóir dúinn freagra a thabhairt laistigh de mhí amháin ón dáta a fuarthas an iarratais.

Is féidir linn an tréimhse chun freagra a thabhairt a shíneadh go dhá mhí eile má tá in t-iarratas casta nó má tá roinnt iarratas faighte againn uait, ach ba chóir dúinn fós fios a chur ort laistigh de mhí amháin ó fuarthas d'iarratas agus míniú duit cén fáth ar riachtanach é an síneadh ama.

***An féidir le duine iarratas rochtana a dhéanamh ar do shon?***

Is féidir. Is féidir leat iarraidh ar dhuine eile sonraí a iarraidh ar do shon, cuir i gcás, cara, gaol nó aturnae. Ní foláir dúinn d'údarás a fháil chun é sin a dhéanamh. De ghnáth, is litir shínithe é sin a thugann údarás don duine chun scríobh chugainn le do shonraí a fháil agus/nó ár bhfreagra a fháil.

***An féidir linn, mar an rialaitheoir sonraí, soiléiriú maidir le d'iarratas a lorg?***

Is féidir. Nuair a phróiseálaimid, mar an rialaitheoir sonraí, méid mór faisnéise a bhaineann leat, is féidir linn soiléiriú a iarraidh ort maidir leis an bhfaisnéis nó gníomhartha próiseála ar mhaith leat rochtain orthu nó eolas a bheith agat fúthu.

***An féidir leat na sonraí ar fad a bhaineann leat a fháil?***

Ní féidir, ní i gcónaí. Tugann an RGCS agus reachtaíocht cosanta sonraí na hÉireann cead dúinn sonraí pearsanta a choimeád siar in imthosca áirithe.

Faoi Airteagal 12 (5) den RGCS, maidir le hiarratas 'inar léir gofollasach go bhfuil iarrataí ón ábhar sonraí gan bhunús nó iomarcach', d'fhéadfaimis, nuair is cuí, diúltú d'iarratas a chur i bhfeidhm.

Forálann Airteagal 15(4) den RGCS teorainn ghinearálta ar fheidhmiú an chirt rochtana ar fhaisnéistríd an bhforáil nár chóir go ndéanfadh an ceart chun cóip de na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil a fháil dochar do chearta agus do shaoirse daoine eile ('ní dhéanfar dochar do chearta ná do shaoirsí daoine eile leis') . Féachfaidh an Oifig áfach, le haon iarratas a chomhlíonadh a oiread agus is féidir agus cosaint leordhóthanach do chearta agus do shaoirse daoine eile á gcinntiú aici.

Ceadaíonn Aiteagal 23 den RGCS srian a chur le cearta daoine is ábhar do na sonraí in imthosca áirithe agus ceadaíonn Alt 60(3)(iii) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, sonraí pearsanta a choimeád siar nuair a choimeádtar na sonraí chun fheidhmiú fheidhmeanna reachtúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Is féidir teacht ar shonraí breise maidir leis na srianta ar an gceart rochtana ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

## 10. Diúltú a achomharc

Is féidir leat achomharc a dhéanamh i gcoinne diúltú rochtana ar do shonraí go díreach chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Roimh duit sin a dhéanamh molaimid duit dul i dteagmháil linn chun na himthosca a dheimhniú agus do rún chun achomharc a dhéanamh a thabhairt le fios leis an gCoimisiún.

## 11. Do shonraí pearsanta a réiteach

Déanaimid gach iarracht a chinntiú go bhfuil do shonraí cruinn agus suas chun dáta.

Má cheapann tú nach bhfuil do shonraí pearsanta cruinn nó iomlán, is féidir leat dul i dteagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí trí ríomhphost nó i scríbhinn agus úsáid á mbaint as na sonraí teagmhála in Alt 9 thuas chun iad a cheartú nó chun cur leo. Ba chóir duit na sonraí pearsanta bainteacha agus na fáthanna a measann tú go bhfuil siad míchruinn agus/nó easnamhach a leagadh amach go soiléir.

Nuair a chinntímid go bhfuil na sonraí pearsanta lena mbaineann an t-iarratas míchruinn, ceartóimid na sonraí gan mhoill ach ar a mhoille, mí amháin i ndiaidh an dáta ar a bhfuarthas an t-iarratas.

Tá rochtain ag foireann iomlán na hOifige ar a sonraí pearsanta a choimeádann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ar féidir leo féin rochtain a fháil orthu agus iad a uasdátú chun a gcruinneas a chinntiú.

## 12. Gearán a dhéanamh

Má tá cúiseanna imní agat maidir leis an mbealach a láimhseálaimid do chuid sonraí pearsanta nó má tá tú ag iarraidh sárú ar shonraí a thuairisciú, is féidir leat dul i dteagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí trí úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála in Alt 9 thuas. Fiosróimid an cheist ina hiomláine agus cuirfimid thú ar an eolas maidir le toradh an fhiosrúcháin nuair a chríochnófar é.

Mura bhfuil tú sásta leis an mbealach a láimhseálaimid do chuid sonraí pearsanta, tá sé de cheart agat freisin do chúiseanna imní a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí mar údarás maoirseachta na hÉireann. Is féidir dul i dteagmháil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ar na bealaí seo a leanas

- ***Suíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí***
  www.dataprotection.ie

- ***Sa phost***
  An Coimisiún um Chosaint Sonraí
  6 Rae Pheambróg
  Baile Átha Cliath 2
  D02 X9636

## 13. Ár bpolasaí um chosaint sonraí

Tá Beartas um Chosaint Sonraí curtha i bhfeidhm againn agus tá sé ar fáil don fhoireann ar fad agus tá sé ar fáil ar ár suíomh gréasáin fosta.

## 14. Fiosrúcháin maidir le cosaint sonraí

Má tá aon fhiosrúcháin agat a bhaineann le cosaint sonraí san Oifig, is féidir leat dul i dteagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí agus beidh sé nó sí sásta cabhrú leat, tá sonraí teagmhála leagtha amach in Alt 9 thuas.

## 15. Sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí

Is í an Oifig an rialaitheoir sonraí le haghaidh na sonraí pearsanta a phróiseálann sí. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an Oifig i mbealaí éagsúla atá leagtha amach ar an leathanach teagmhála dár suíomh gréasáin.

## 16. Athruithe ar ár bhFógra Príobháideachta um Shuíomh Gréasáin

Athbhreithníonn Fóram um Shlándáil Faisnéise na hOifige an Fógra Príobháideachta um Shuíomh Gréasáin sin (ar a tugadh Beartas Cosanta Sonraí (Príobháideachas)) go bliantúil.

## 17. Cáipéisí Ábhartha

Baineann an reachtaíocht seo a leanas leis an mbeartas sin:

- Rialachán (AE) 2016/679 (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.